# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 162

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

17 Meitheamh 2022


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/930 ón gCoimisiún an 10 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí tháillí a bhaineann le maoirseacht ag an Údarás Eorpach um Margaí Urrús ar sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí** ..... 1

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia** ([1]) ..... 7

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2022 maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia, maidir le hábhar sonrach breise i bpleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta agus maidir le socruithe sonracha breise chun iad a ullmhú** ([1]) ..... 13

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/933 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2022 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte** ..... 23

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/934 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2022 lena gcuirtear allmhairí de rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó faoi réir clárú** ..... 27


CINNTÍ


★ **Cinneadh (AE) 2022/935 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte 2021-2027 a ghlacadh** ..... 31


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ **Cinneadh (AE) 2022/936 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 14ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a mhéid a bhaineann leis an modhnú ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le feidhmchláir theileamaitice le haghaidh lasta agus leis an athbhreithniú ar Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe, agus i nós imeachta i scríbhinn Choiste Athbhreithnithe OTIF a mhéid a bhaineann leis an modhnú ar Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF** ... 35

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/937 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2022 lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/563/CE a bhaineann le bearta cosanta áirithe i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N1 in éin fhiáine sa Chomhphobal** ([1]) ..................................... 37

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/930 ÓN gCOIMISIÚN

**an 10 Márta 2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí tháillí a bhaineann le maoirseacht ag an Údarás Eorpach um Margaí Urrús ar sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 38n(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise na gné trasteorann a bhaineann le sonraí margaidh a láimhseáil, na cáilíochta sonraí agus an ghá atá ann barainneachtaí scála a bhaint amach, agus chun tionchar díobhálach na ndibhéirseachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar cháilíocht sonraí agus ar chúram soláthraithe tuairiscithe sonraí araon a sheachaint, aistríodh, le Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), cumhachtaí údaraithe agus maoirseachta i dtaca le gníomhaíochtaí soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí ("DRSPanna") san Aontas chuig an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ("ESMA").

(2) Maidir leis na táillí a fhéadfaidh ESMA a ghearradh i dtaca le soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí a chur i bhfeidhm, a údarú agus a mhaoirsiú, ba cheart na táillí sin a shonrú.

(3) Is é is aidhm do na táillí a ghearrtar ar DRSPanna iomlán na gcostas arna dtabhú ag ESMA a bhaineann le húdarú DRSPanna agus maoirseacht orthu a aisghabháil. Cuimsítear le gníomhaíochtaí maoirseachta measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an chomhlachta bainistíochta, maoirseacht ar chomhlíontacht DRSPanna le ceanglais eagraíochtúla, feidhmiú na gcumhachtaí chun faisnéis a cheangal, imscrúduithe a dhéanamh agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh agus bearta maoirseachta a fhorchur. Déanann ESMA measúnú ar a bhuiséad ar bhonn bliantúil.

(4) Ba cheart na táillí a ghearrtar ar ghníomhaíochtaí ESMA a bhaineann le DRSPanna a shocrú ar leibhéal a sheachnóidh carnadh suntasach easnaimh nó barrachais. I gcás inarb ann do bharrachais nó d'easnaimh athfhillteacha ba cheart an leibhéal táillí a athbhreithniú.

(5) Ba cheart do DRSP a iarratas a chur faoi bhráid ESMA chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe na gcritéar maolaithe a áirithiú. Le linn na chéad chéime den iarratas ba cheart do ESMA a chinneadh an bhfuil DRSP incháilithe le haghaidh maolú ó mhaoirseacht ESMA. Más infheidhme na critéir le haghaidh maolaithe, ba cheart do ESMA an t-iarratas a chur ar aghaidh chuig an údarás inniúil náisiúnta. Níor cheart do ESMA aon táille a ghearradh sa chás sin. Ba cheart na táillí socraithe a bhaineann leis an údarú ag ESMA a roinnt idir an táille iarratais, ar ceart é a bheith bainteach leis an measúnú ar iomláine iarratais agus táille údarúcháin. Ba cheart an próiseas údaraithe a chur i gcrích laistigh de thréimhse 6 mhí.

([1]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 84.

([2]) Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas, agus Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí (IO L 334, 27.12.2019, lch. 1).

(6) Déanfaidh ESMA a mheasúnú an mbeidh DRSPanna atá údaraithe cheana ar an leibhéal náisiúnta ón 1 Eanáir 2022 faoi raon mhaoirseacht ESMA agus na DRSPanna sin a chur ar an eolas. Maidir le DRSPanna atá údaraithe cheana ar an leibhéal náisiúnta, níor cheart iad a bheith faoi réir a n-athúdaraithe ag ESMA. Tá na DRSPanna comhlíontach cheana féin leis na ceanglais is infheidhme maidir le DRSPanna agus níor cheart do ESMA táille a ghearradh orthu as dúbailt ar an bpróiseas údarúcháin.

(7) Ba cheart, leis na táillí a ghearrann ESMA, na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis na DRSPanna a chumhdach. Ba cheart do ESMA measúnú bliantúil a dhéanamh ar a bhuiséad maoirseachta a bhaineann le gach cineál DRSP agus táille a ghearradh ar gach DRSP is coibhéiseach lena ioncam i gcomparáid le hioncam iomlán na DRSPanna go léir den chineál céanna. Ioncam a bhaineann le gníomhaíochtaí atá coimhdeach go díreach le croísheirbhísí DRSP, ba cheart é sin a chumhdach i láimhdeachas an ioncaim is infheidhme a mhéid is dócha go mbeidh tionchar ag maoirseacht ESMA ar an DRSP agus nach gcumhdaítear é le gníomhaíochtaí maoirseachta ar leithligh. Cumhdaítear le táille íosta le haghaidh socruithe foilsithe formheasta sin (APAnna) agus sásraí tuairiscithe formheasta (ARManna) na costais shocraithe a bhaineann le hiarrataí ar fhaisnéis, faireachán leanúnach agus imscrúduithe. Tá feidhm ag an táille bhliantúil in aghaidh na bliana féilire.

(8) Féadfaidh ESMA cúraimí maoirseachta a tharmligean chuig údaráis inniúla náisiúnta agus, sa chás sin, ba cheart na húdaráis inniúla náisiúnta a aisíoc as na costais a tabhaíonn siad.

(9) De bhrí gur deacair faisnéis faoi mhaoirseacht costasbhunaithe a bhailiú le haghaidh maoirseachta in 2022, tá sé fíorriachtanach foráil a dhéanamh maidir le foráil idirthréimhseach le modh ríofa. le haghaidh táille socraithe a mbeidh feidhm aici le linn na chéad bhliana maoirseachta ag ESMA agus a bhunaítear ar shonraí oibiachtúla atá ar fáil go héasca. Chun prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir DRSPanna trí úsáid a bhaint as líon na n-idirbheart mar ionadach le hábharthacht an DRSP aonair i ndáil leis na DRSPanna uile. Maidir leis an ríomh lena gcinnfear an táille mhaoirseachta in aghaidh an DRSP le haghaidh 2022, ba cheart sin a bhunú ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn na húdaráis inniúla náisiúnta maidir le hidirbhearta arna bhfoilsiú agus arna dtuairisciú ag APAnna agus ARManna le linn an chéad leath de 2021 agus ba cheart go ndéanfaí idirdhealú leis idir DRSPanna níos mó agus DRSPanna níos lú.

(10) Maidir le cuntais iniúchta le haghaidh DRSPanna ní bheidh ceangal ann maidir leo ach amháin tar éis do ESMA maoirseacht DRSP a ghlacadh ar láimh. Dá bharr sin, is gá foráil maidir le foráil idirthréimhseach chun coigeartú a dhéanamh ar an modh ríofa ioncaim le haghaidh 2023 a choigeartú, faoina mbeidh íocaíocht na táille maoirseachta le haghaidh 2023 le bunú ar dtús ar fhaisnéis cuntais neamh-iniúchta ón gcéad 6 mhí de 2022. Ar an dara céim, ba chart sásra ceartúcháin a bheith ann ina mbunófaí an táille ar chuntais iniúchta na bliana 2022 ar fad.

(11) Chun feidhmiú rianúil an chreata nua maoirseachta le haghaidh DRSPanna a áirithiú, mar a thugtar isteach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/2175, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhíniú**

Chun críoch an Rialacháin seo, ciallaíonn "soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí" nó "DRSP" socrú foilsithe formheasta nó sásra tuairiscithe formheasta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(34) agus (36) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

*Airteagal 2*

**Cur i bhfeidhm agus údarú táillí**

I gcás ina ndéanann DRSP iarratas ar údarú chun seirbhísí tuairiscithe a sholáthar, íocfaidh sé:

(a) as APAnna agus ARManna táille iarratais EUR 20 000 as an gcéad iarratas agus EUR 10 000 as gach iarratas ina dhiaidh sin tar éis údarú a fháil ar sheirbhísí breise tuairiscithe sonraí, i gcás nach bhfuil maolú ag an iarratasóir i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466 ón gCoimisiún maidir critéir mhaolaithe [3];

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chritéir a shonrú le haghaidh mhaolú an phrionsabail gurb é an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí a dhéanfaidh maoirseacht ar shocruithe formheasta maidir le foilsiú agus ar shásraí tuairiscithe formheasta (IO L 96, 24.3.2022, lch. 1).

(b) as APAnna agus ARManna táille údarúcháin EUR 80 000 as an gcéad iarratas agus EUR 40 000 as gach iarratas ina dhiaidh sin tar éis údarú a fháil ar sheirbhísí breise tuairiscithe sonraí, i gcás nach bhfuil maolú ag an iarratasóir i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466.

*Airteagal 3*

**Táillí maoirseachta bliantúla**

1. Gearrfar táille mhaoirseachta bhliantúil ar DRSP atá faoi réir mhaoirseacht ESMA.

2. Déanfar an táille mhaoirseachta bhliantúil iomlán agus an táille mhaoirseachta bhliantúil ar DRSP áirithe a ríomh mar a leanas:

(a) is é a bheidh sa táille bhliantúil iomlán le haghaidh bliain ar leith (n) meastachán ar an gcaiteachas a bhaineann leis an maoirseacht ar ghníomhaíochtaí soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 mar a áirítear i mbuiséad ESMA don bhliain sin;

(b) is é a bheidh i dtáille mhaoirseachta bhliantúil soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí le haghaidh bliain ar leith (n) an táille mhaoirseachta iomlán a chinnfear de bhun phointe (a) arna roinnt idir na soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí do bhliain (n), i gcoibhneas lena láimhdeachas is infheidhme a ríomhfar de bhun Airteagal 4.

3. I gcás ar bith, ní íocfaidh APA nó ARM arna údarú ag ESMA táille mhaoirseachta is lú ná EUR 30 000.

I gcás ina bhfuil eintiteas faoi réir táillí maoirseachta íosta maidir le níos mó na seirbhís tuairiscithe sonraí amháin, íocfaidh sé an táille mhaoirseachta íosta as gach seirbhís a chuirtear ar fáil.

4. De mhaolú ar mhír 2 agus mír 3 déanfar an táille chéad bhliana a ríomh tríd an táille údarúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), a laghdú le fachtóir arb ionann é agus na laethanta idir an t-údarú agus deireadh na bliana arna roinnt ar líon iomlán na laethanta sa bhliain sin. As sin amach déanfar é a ríomh mar a leanas:

*Táille chéad bhliana soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí = Íosmhéid (Táille údarúcháin, Táille údarúcháin * Comhéifeacht)*

$$\text{Comhéifeacht} = \frac{An\ líon\ laethanta\ féilire\ \text{ó}\ dháta\ an\ \text{údarúcháin}\ go\ dtí\ an\ 31\ Nollaig}{An\ líon\ laethanta\ féilire\ i\ mbliain\ (n)}$$

I gcás ina n-údaraítear DRSP le linn mhí na Nollag ní íocfaidh sé an táille mhaoirseachta chéad bhliana.

5. De mhaolú ar mhír 2 agus ar mhír 3, i gcás inarb é a thagann as an athmheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466 maolú ar mhaoirseacht ESMA ar DRSP, déanfar an táille bhliantúil mhaoirseachta le haghaidh na bliana ina mbeidh feidhm ag an maolú, déanfar í a ríomh le haghaidh na 5 mhí sa bhliain sin agus le haghaidh na 5 mhí sin amháin sa bhliain sin ar lena linn a leanfaidh ESMA de bheith ina mhaoirseoir ar DRSP i gcomhréir le hAirteagal 1(4), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/466.

*Airteagal 4*

**Láimhdeachas is infheidhme**

1. Coinneoidh DRSPanna cuntais iniúchta chun críocha an Rialacháin seo ina ndéanfar idirdhealú idir na nithe seo a leanas:

(a) ioncaim a ghintear as seirbhísí ARM;

(b) ioncaim a ghintear as seirbhísí APA;

(c) ioncaim a ghintear as seirbhísí coimhdeacha le haghaidh gníomhaíochtaí ARM;

(d) ioncaim a ghintear as sheirbhísí coimhdeacha le haghaidh gníomhaíochtaí APA.

2. Is é a bheidh i láimhdeachas is infheidhme DRSP le haghaidh bliain áirithe (n) suim na nithe seo a leanas:

(a) a chuid ioncam a ghintear as na príomhfheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí ARM nó APA a sholáthar ar bhonn chuntais iniúchta na bliana (n-2), nó, mura bhfuil siad ar fáil go fóill cuntais na bliana roimhe sin (n-3) agus

(b) a chuid ioncam is infheidhme as seirbhísí coimhdeacha ar bhonn chuntais iniúchta na bliana (n-2) nó, mura bhfuil siad ar fáil go fóill cuntais na bliana roimhe sin (n-3),

roinnte ar shuim na nithe seo a leanas:

(c) ioncam iomlán na ARManna nó na APAnna údaraithe uile a ghintear as na croífheidhmeanna seirbhísí ARM nó APA a sholáthar ar bhonn an chuntais iniúchta le linn na bliana (n-2) nó, mura bhfuil siad ar fáil go fóill cuntais na bliana roimhe sin (n-3) agus

(d) na hioncaim iomlána is infheidhme as seirbhísí coimhdeacha na ARManna agus na APAnna uile ar bhonn chuntais iniúchta na bliana (n-2) nó, mura bhfuil siad ar fáil go fóill cuntais na bliana roimhe sin (n-3).

3. I gcás nach n-oibríonn soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí ar feadh na bliana iomláine (n-2), déanfar a láimhdeachas is infheidhme a mheas de réir na foirmle a leagtar amach i mír 2 trí eachtarshuí i leith an tsoláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí a dhéanamh ar na luachanna arna ríomh i leith líon na míonna ar lena linn a d'oibrigh an soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí sa bhliain (n-2) ar bhonn na bliana iomláine (n-2).

4. Déanfaidh DRSPanna, ar bhonn bliantúil, cuntais iniúchta dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil do ESMA. Déanfar na doiciméid sin a thíolacadh chuig ESMA trí mheán leictreonach tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair gach bliain (n-1). Má dhéantar DRSP a údarú tar éis an 30 Meán Fómhair cuirfidh sé na figiúirí láithreach tar éis údarú a fháil agus faoi dheireadh bhliain an údaraithe.

*Airteagal 5*

**Módúlachtaí íocaíochta ginearálta**

1. Is in euro a bheidh na táillí uile iníoctha. Íocfar iad mar a shonraítear in Airteagal 6 agus Airteagal 7.

2. Tabhófar le haon íocaíochtaí déanacha an t-ús mainneachtana a leagtar síos in Airteagal 99 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

*Airteagal 6*

**Cur i bhfeidhm agus údarú táillí**

1. Beidh na táillí ar iarratas, údarú nó síneadh a chur le húdarú iníoctha tráth a dhéanfaidh DRSP iarratas agus íocfar iad ina n-iomláine laistigh de 30 lá ón dáta a eiseofar sonrasc ESMA.

2. Nuair a chinnfidh DRSP a iarratas ar údarú a tharraingt siar sula nglacfaidh ESMA a chinneadh réasúnaithe údarú a dhéanamh nó a dhiúltú, ní dhéanfar na táillí iarratais nó na táillí údaraithe a aisíoc.

*Airteagal 7*

**Íocaíocht táillí maoirseachta bliantúla**

1. An táille mhaoirseachta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 3, beidh sé iníoctha ag tús gach bliana féilire agus íocfar í ina hiomláine le ESMA sna chéad 3 mhí den bhliain sin. Cuirfidh ESMA sonrasc isteach ina sonrófar méid iomlán na táille maoirseachta 30 lá ar a dhéanaí roimh an dáta íocaíochta deiridh. Déanfar na táillí a ríomh ar bhonn na faisnéise is déanaí atá ar fáil maidir le táillí bliantúla.

([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Nuair a chinnfidh DRSP a údarú a tharraingt siar ní aisíocfar an táille mhaoirseachta bhliantúil.

*Airteagal 8*

**Aisíocaíocht leis na húdaráis inniúla náisiúnta**

1. I gcás ina ndéanann ESMA cúraimí a tharmligean chuig údaráis inniúla náisiúnta, maidir le costais a thabhófar le linn dó cúraimí maoirseachta arna tharmligean ag ESMA a dhéanamh, ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta na costais sin a aisghabháil go díreach ón DRSP.

2. Maidir leis na costais iarbhír a thabhófar de thoradh obair a dhéantar de bhun Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, go háirithe de thoradh aon chúram a tharmligtear de bhun Airteagal 38o de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, ní dhéanfaidh ESMA aisíocaíocht leis an údarás inniúil as na costais sin.

3. Áiritheoidh ESMA go gcomhlíonfar leis na costais atá le haisíoc leis na húdaráis inniúla náisiúnta na coinníollacha seo a leanas:

(a) ba cheart iad a aontú roimh ré idir ESMA agus an t-údarás inniúil náisiúnta;

(b) ba cheart iad a bheith comhréireach le láimhdeachas an DRSP is ábhartha; agus

(c) ba cheart nár mhó iad ná méid iomlán na dtáillí maoirseachta a íocann anDRSP is ábhartha.

4. Déanfar aon tarmligean cúraimí ag ESMA chuig údaráis inniúla náisiúnta a chinneadh ar bhonn neamhspleách, féadfar é a chúlghairm tráth ar bith agus ní bheidh tionchar aige ar mhéid na dtáillí a ghearrfar ar DRSP ar leith.

*Airteagal 9*

**Foráil idirthréimhseach le haghaidh 2022**

1. Chun an táille mhaoirseachta bhliantúil is infheidhme maidir le DRSPanna faoi mhaoirseacht ESMA le haghaidh na bliana 2022 a ríomh, baileoidh ESMA táille shocraithe, bunaithe ar na ríomhanna seo a leanas:

(a) EUR 350 000 le haghaidh APAnna a d'fhoilsigh idirbhearta arbh é a bhí iontu níos mó ná 10 % de líon iomlán idirbheart foilsithe na APAnna údaraithe uile, bíodh sin le haghaidh ionstraimí cothromais nó ionstraimí neamh-chothromais, le linn na chéad 6 mhí de 2021, arna dtuairisciú ag an údarás inniúil lena mbaineann;

(b) EUR 50 000 le haghaidh APAnna a d'fhoilsigh idirbhearta arbh é a bhí iontu níos lú ná 10 % de líon iomlán idirbheart foilsithe na APAnna údaraithe uile, bíodh sin le haghaidh ionstraimí cothromais nó ionstraimí neamh-chothromais, le linn na chéad 6 mhí de 2021, arna dtuairisciú ag an údarás inniúil lena mbaineann;

(c) EUR 650 000 le haghaidh ARManna a chuir tuarascálacha idirbhirt chuig an údarás inniúil lena mbaineann arbh é a bhí iontu níos mó ná 10 % de líon iomlán na dtuarascálacha idirbhirt a chuir na ARManna údaraithe uile chuig na húdaráis inniúla le linn na chéad 6 mhí de 2021, arna dtuairisciú ag an údarás inniúil lena mbaineann;

(d) EUR 50 000 le haghaidh ARManna a chuir tuarascálacha idirbhirt chuig an údarás inniúil lena mbaineann arbh é a bhí iontu níos lú ná 10 % de líon iomlán na dtuarascálacha idirbhirt a chuir na ARManna údaraithe uile chuig na húdaráis inniúla le linn na chéad 6 mhí de 2021, arna dtuairisciú ag an údarás inniúil lena mbaineann.

2. Cuirfidh ESMA ar fáil do na APAnna agus na ARManna lena mbaineann sonrasc ina sonrófar méid iomlán na dtáillí le haghaidh 2022 a luaithe is féidir go praiticiúil tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm, agus 30 lá roimh an dáta íocaíochta deiridh ar a dhéanaí.

*Airteagal 10*

**Foráil idirthréimhseach 2023**

1. Maidir le DRSPanna arna maoirsiú ag ESMA ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh, gearrfar táille bhliantúil mhaoirseachta le haghaidh 2023 arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3. Mar sin féin, chun críocha Airteagal 4(2), déanfar an láimhdeachas is infheidhme le haghaidh DRSPanna a ríomh i gcomhréir le mír 2.

2. Chun críocha mhír 1, is é a bheidh i láimhdeachas DRSP is infheidhme suim an mhéid seo a leanas:

(a) ioncaim an DRSP a ghintear ó na príomhfheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí ARManna nó APAnna sna chéad 6 mhí de 2022 agus

(b) ioncaim an DRSP a ghintear ó sheirbhísí coimhdeacha le haghaidh ARManna nó APAnna sna chéad 6 mhí de 2022,

roinnte ar shuim na nithe seo a leanas:

(c) ioncaim iomlána na ARManna nó na APAnna údaraithe go léir a ghintear ó na príomhfheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí ARManna nó APAnna a sholáthar sna chéad 6 mí de 2022 agus

(d) an t-ioncam iomlán a ghintear ó sheirbhísí coimhdeacha ó le haghaidh ARManna nó APAnna na ARManna nó na APAnna uile sna chéad 6 mhí de 2022.

Cuirfidh DRSPanna, faoin 30 Meán Fómhair 2022, ESMA ar an eolas faoi mhéid na n-ioncam a ghintear ó na príomhfheidhmeanna maidir le seirbhísí ARM nó APA a sholáthar sna chéad 6 mhí de 2022 agus faoi mhéid na n-ioncam a ghintear ó sheirbhísí coimhdeacha do ghníomhaíochtaí ARM nó APA sna chéad 6 mhí de 2022.

3. A luaithe a bheidh na cuntais iniúchta don bhliain 2022 ar fáil, tuairisceoidh an DRSP dá dtagraítear i mír 1 na cuntais iniúchta sin a thuairisciú do ESMA i gcomhréir le hAirteagal 4(1).

4. Déanfaidh ESMA a ríomh an bhfuil aon difríocht idir an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh na bliana 2023 a íocfaidh DRSP i gcomhréir le mír 2 agus an táille mhaoirseachta bhliantúil a bheidh dlite don bhliain 2023 a ríomhfar ar bhonn na gcuntas iniúchta a gheofar i gcomhréir le mír 3.

5. Cuirfidh ESMA chéad sonrasc ina sonrófar méid na táille maoirseachta le haghaidh 2023 dá dtagraítear i mír 2 ar fáil do na DRSPanna 30 lá ar a dhéanaí roimh an dáta íocaíochta deiridh.

Nuair a bheidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 ar fáil le haghaidh na DRSPanna uile, cuirfidh ESMA ar fáil do na DRSPanna an dara sonrasc ina sonrófar méid deiridh na táille maoirseachta le haghaidh 2023 bunaithe ar an ríomh dá dtagraítear i mír 4. Déanfaidh ESMA an sonrasc sin a sholáthar do na DRSPanna ar a dhéanaí 30 lá roimh dháta na híocaíochta deiridh.

*Airteagal 11*

**Teacht i bhfeidhm agus an dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm agus beidh feidhm aige an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/931 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23 Márta 2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(2), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625 leagtar síos rialacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile ag údaráis inniúla na mBallstát chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le bia agus sábháilteacht bia a fhíorú. Le hAirteagal 109 den Rialachán sin déantar foráil maidir le hoibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla rialuithe oifigiúla ar bhonn plean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta. Thairis sin, le Rialachán (AE) 2017/625 sonraítear ábhar ginearálta an phlean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta, ceanglaítear ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rialuithe oifigiúla ina bplean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta maidir le héilleáin i mbia agus, i ndáil leis an méid sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún ceanglais shonracha a leagan síos maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an raon samplaí agus céim an táirgthe, an phróiseála agus an dáilte ina dtógfar na samplaí.

(2) Le Rialachán (AE) 2017/625 aisghairtear Treoir 96/23/CE ón gComhairle ([2]), treoir ina ndearnadh foráil maidir le faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe, lena n-áirítear éilleáin, in ainmhithe beo agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch agus inar leagadh síos ceanglais shonracha maidir le pleananna faireacháin na mBallstát chun iarmhair nó substaintí a thagann faoina raon feidhme a bhrath. Mar sin féin, ní ionchorpraítear i Rialachán (AE) 2017/625 na bearta uile dá bhforáiltear sa Treoir sin nó sna gníomhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin. Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo mar aon le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 ón gCoimisiún ([3]) leanúnachas a áirithiú maidir le rialacha Threoir 96/23/CE maidir le hábhar an phlean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta agus maidir lena ullmhú, chomh maith leis an raon samplaí agus céim an táirgthe, an phróiseála agus an dáilte ina dtógfar na samplaí maidir le héilleáin i mbia, laistigh de chreat Rialachán (AE) 2017/625.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2017/625, áfach, airteagal ina ndéantar tagairt ar bhealach cuimsitheach d'éilleáin i mbia, is iomchuí go mbeidh feidhm ag an Rialachán sin freisin maidir leis na rialuithe oifigiúla is gá chun a bhrath an ann do na héilleáin uile a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle ([4]). Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na rialuithe oifigiúla is gá chun a bhrath an ann d'éilleáin i mbia dá mbunaítear le reachtaíocht an Aontais uasleibhéil nó leibhéil rialála eile a éilíonn nó a spreagann gníomhaíocht ó na húdaráis inniúla.

---

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2022 maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia, maidir le hábhar sonrach breise i bpleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta agus maidir le socruithe sonracha breise chun iad a ullmhú (féach leathanach 13 den Iris Oifigiúil seo).

([4]) Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia (IO L 37, 13.2.1993, lch. 1).

(4) Má tá mearcair i mbia, is féidir a mheas go dtarlaíonn a leithéid mar gheall ar éilliú comhshaoil toisc go bhfuil cosc anois ar lotnaidicídí a bhfuil mearcair iontu san Aontas le níos mó ná tríocha bliain. Rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le huasleibhéil chomhdhúile mearcair mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún ([6]), Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún ([7]) agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 ón gCoimisiún ([8]) a chumhdach leis an Rialachán seo in ionad na rialacha sonracha maidir le rialuithe ar iarmhair lotnaidicídí.

(5) Chun a áirithiú go ndíreofar go héifeachtúil ar rialuithe oifigiúla sna Ballstáit uile, is iomchuí rialacha a leagan amach maidir le teaglaim éilleán nó grúpaí éilleán agus grúpaí tráchtearraí a bheidh le sampláil ag na Ballstáit agus an straitéis samplála, lena n-áirítear critéir a mbainfear úsáid astu chun ábhar a bpleananna agus feidhmiú na rialuithe oifigiúla gaolmhara a shainiú.

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2017/625 a fhorlíonadh trí rialacha a leagan síos maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia.

(7) Le hAirteagal 150(1) de Rialachán (AE) 2017/625 leagtar síos idirthréimhse lena gcuirtear oibleagáid ar na Ballstáit rialuithe oifigiúla a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 96/23/CE go dtí an 14 Nollaig 2022. Le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2017/625 foráiltear go n-áireofar sna rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh na rialacha maidir le bia agus sábháilteacht bia a fhíorú, chomh maith le beatha agus sábháilteacht beatha, rialuithe oifigiúla ar shubstaintí ábhartha lena n-áirítear substaintí atá le húsáid in ábhair teagmhála bia, éilleáin, substaintí neamhúdaraithe, substaintí toirmiscthe agus substaintí neamh-inmhianaithe a bhféadfadh iarmhair na substaintí sin i mbia nó i mbeatha a bheith mar thoradh ar a n-úsáid nó ar na substaintí sin a bheith ann ar bharra nó ar ainmhithe nó chun bia nó beatha a tháirgeadh nó a phróiseáil. Ós rud é, áfach, go mbeidh feidhm ag na pleananna faireacháin deireanacha a ghlacann na Ballstáit faoi Threoir 96/23/CE maidir leis an mbliain 2022, agus dá bhrí sin tar éis an 14 Nollaig 2022, is iomchuí feidhm a bheith ag an Rialachán sin ón 1 Eanáir 2023.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag an sainmhíniú ar 'éilleán' sa dara fomhír d'Airteagal 1(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Rialóidh na Ballstáit má tá éilleáin i mbia i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

Glacfaidh na Ballstáit straitéis samplála i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón Dé Domhnaigh 1 Eanáir 2023.

---

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de thionscnamh plandaí nó de thionscnamh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

([6]) Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2006 maidir le bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin agus do leanaí óga (IO L 339, 6.12.2006, lch. 16).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha i ndáil le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach do naíonáin agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le faisnéis a bhaineann le beathú naíonán agus leanaí óga (IO L 25, 2.2.2016, lch. 1).

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha i ndáil le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bia chun críocha speisialta míochaine (IO L 25, 2.2.2016, lch. 30).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Rialacha maidir le teaglaim shonrach d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán agus grúpaí tráchtearraí a roghnú**

(1) Déanfaidh na Ballstáit rialú ar na teaglamaí seo a leanas d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán sna grúpaí tráchtearraí seo a leanas:

| Grúpaí tráchtearraí | Truailleáin orgánacha mharthanacha halaiginithe | Miotail | Míceatocsainí | Éilleáin eile |
|---|---|---|---|---|
| Feoil neamhphróiseáilte ó bhó-ainmhithe, ó ainmnithe den chineál caorach agus ó ainmnithe den chineál gabhair (lena n-áirítear scairteach inite) | x | x | | x |
| Muiceoil neamhphróiseáilte (lena n-áirítear scairteach inite) | x | x | | x |
| Feoil neamhphróiseáilte ó each-ainmhithe (lena n-áirítear scairteach inite) | | x | | x |
| Éineoil neamhphróiseáilte (lena n-áirítear scairteach inite) | x | x | | x |
| Feoil neamhphróiseáilte ó ainmhithe talún feirme eile * (lena n-áirítear scairteach inite) | | x | | |
| Bainne amh ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmhithe den chineál gabhair | x | x | x | x |
| Uibheacha úra ó chearca agus uibheacha eile | x | x | | x |
| Mil | | x | | x |
| Táirgí neamhphróiseáilte iascaigh ** (seachas crústaigh) | x | x | | x |
| Crústaigh agus moilisc dhébhlaoscacha | x | x | | x |
| Saillte agus olaí ó ainmhithe agus ón bhfarraige | x | x | | x |
| Táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch *** | x | x | | x |

* Ainmhithe talún feirme eile mar a shainmhínítear in iontráil 1017000 d'Iarscríbhinn I, Cuid A, ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 396/2005.

** Táirgí iascaigh mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais i dtaca le bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

*** Táirgí próiseáilte mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

(2) Déanfaidh na Ballstáit gach teaglaim d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán agus grúpaí tráchtearraí de bhia nach de bhunadh ainmhíoch é a mheas, ar teaglamaí iad ar ina leith a bhunaítear uasleibhéil nó leibhéil eile rialála faoi reachtaíocht an Aontais.

(3) Cuirfidh na Ballstáit na critéir seo a leanas san áireamh chun teaglamaí sonracha d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán nó agus grúpaí tráchtearraí atá le rialú a roghnú:

(a) a mhinice a bhraitear neamhchomhlíontacht i samplaí an Bhallstáit, i samplaí de Bhallstáit eile nó i samplaí de thríú tíortha, go háirithe nuair a thuairiscítear iad faoin gCóras Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe nó faoin gCóras um Chúnamh agus Comhar Riaracháin;

(b) modhanna oiriúnacha saotharlainne agus caighdeáin anailíseacha oiriúnacha a bheith ar fáil;

(c) an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do thomhaltóirí nó do ghrúpaí áirithe den daonra a eascraíonn as éilleáin atá i mbia a thomhailt, agus an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia á cur san áireamh, nó in éagmais na faisnéise sin, foinsí eile faisnéise amhail foilseacháin eolaíocha nó measúnuithe riosca náisiúnta;

(d) sonraí tomhaltais (patrúin maidir le nochtadh cothúcháin);

(e) maidir le bia a thagann faoi raon feidhme an phlean rialaithe le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch a thagann isteach san Aontas mar a thuairiscítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/932, cuirfear na critéir seo a leanas san áireamh freisin, má tá siad ar fáil:

(i) torthaí rialuithe an Choimisiúin i dtríú tíortha;

(ii) aon fhaisnéis a chaitheann amhras ar iontaofacht ráthaíochtaí i ndáil le rialacha an Aontais a bheith á gcomhlíonadh ag bia allmhairithe;

(iii) faisnéis maidir le forairdeall méadaithe.

*IARSCRÍBHINN II*

**Critéir maidir le straitéis samplála**

(1) Maidir le gach oibreoir gnó bia atá le rialú, cuirfidh an Ballstát na critéir seo a leanas san áireamh maidir le roghnú an chineáil bia a bheidh le rialú:

(a) stair neamhchomhlíontachta;

(b) easnaimh i gcur i bhfeidhm na hAnailíse Guaise agus an Phointe Rialúcháin Chriticiúil agus rialuithe gaolmhara uathoibríocha;

(c) easnaimh i dtaifead a choinneáil maidir le dul i ngleic le ceanglais mar a shainítear i Roinn III, Cuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004;

(d) sampláil ionadaíoch gan beann ar mhéid an oibreora ghnó bia;

(e) cásanna atá ag teacht chun cinn (athruithe ar phatrúin tomhaltais, tubaistí nádúrtha nó fadhbanna eacnamaíocha a chruthaíonn athruithe i slabhraí trádála bia etc.).

(2) Cuirfidh gach Ballstát na critéir seo a leanas san áireamh maidir le roghnú na seamlas, na n-ionad spólta, na mbunaíochtaí táirgthe bainne, na mbunaíochtaí táirgthe agus cur ar an margadh táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe, na mbunaíochtaí táirgthe meala agus uibheacha agus na n-ionad pacála uibheacha:

(a) na critéir a liostaítear faoi phointe (3) d'Iarscríbhinn I agus faoi phointe (1) den Iarscríbhinn seo;

(b) sciar na mbunaíochtaí faoi seach de mhéid iomlán táirgeachta na mBallstát de na seamlais, de na hionaid spólta, de na bunaíochtaí táirgthe bainne, de na bunaíochtaí táirgthe agus cur ar an margadh táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe, de na bunaíochtaí táirgthe meala agus uibheacha agus de na hionaid phacála uibheacha;

(c) tionscnaimh ábhartha na n-ainmhithe maraithe, an bhainne, na dtáirgí dobharshaothraithe, na meala agus na n-uibheacha.

(3) Nuair a bheidh na samplaí á dtógáil, déanfar iarrachtaí sampláil iolrach ó oibreoir ghnó bia amháin a sheachaint, ach amháin má sainaithníodh an t-oibreoir ar bhonn na gcritéar a áirítear i bpointe (1) nó má tá bonn cirt cuí curtha ar fáil sa phlean rialaithe. Áiritheofar go gcomhlíonfar minicíocht phleanáilte na seiceálacha.

(4) Maidir le bia a thagann faoi raon feidhme an phlean rialaithe do bhia a chur ar mhargadh an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/932, déanfar sampláil ar bhia a chuirtear ar an margadh agus ar bhia atá ceaptha lena chur ar an margadh (ag an gcéim phríomhúil, san fheirmeoireacht saor-raoin, sna seamlais, le linn na próiseála bia, na stórála nó an díolacháin, etc.).

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/932 ÓN gCOIMISIÚN

## an 9 Meitheamh 2022

## maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia, maidir le hábhar sonrach breise i bpleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta agus maidir le socruithe sonracha breise chun iad a ullmhú

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(3)(a) agus (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625 leagtar síos rialacha maidir le húdaráis inniúla na mBallstát rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a fhíorú i réimse an bhia agus na sábháilteacht bia. Le hAirteagal 109 den Rialachán sin déantar foráil maidir le hoibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú gur ar bhonn plean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta a dhéanfaidh na húdaráis inniúla na rialuithe oifigiúla. Thairis sin, i Rialachán (AE) 2017/625 sonraítear ábhar ginearálta an phlean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta, ceanglaítear ar na Ballstáit rialuithe oifigiúla ar éilleáin i mbia a sholáthar ina bplean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta agus, i ndáil leis sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún ábhar sonrach breise sa phlean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta a leagan síos mar aon le socruithe sonracha breise le haghaidh a ullmhaithe, chomh maith le híosmhinicíocht aonfhoirmeach maidir leis na rialuithe oifigiúla, ag féachaint do na guaiseacha agus na rioscaí a bhaineann le substaintí dá dtagraítear in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán (AE) 2017/625 aisghairtear Treoir 96/23/CE ón gComhairle ([2]), treoir ina ndearnadh foráil maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe, lena n-áirítear éilleáin, in ainmhithe beo agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch agus inar leagadh síos ceanglais shonracha maidir le pleananna faireacháin na mBallstát chun iarmhair nó substaintí a thagann faoina raon feidhme a bhrath. Ní ionchorpraítear i Rialachán (AE) 2017/625, áfach, na bearta uile atá sa Treoir sin nó sna gníomhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Rialacháin sin. Dá bhrí sin, chun aistriú rianúil a áirithiú, foráladh le Rialachán (AE) 2017/625 go leanfadh na húdaráis inniúla ar aghaidh ag déanamh na rialuithe oifigiúla i gcomhréir leis na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 96/23/CE go dtí an 14 Nollaig 2022 nó go dtí dáta chur i bhfeidhm na rialacha comhfhreagracha atá le glacadh ag an gCoimisiún. Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo mar aon le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931 ón gCoimisiún ([3]), leanúnachas a áirithiú i ndáil le rialacha Threoir 96/23/CE i dtaca le hábhar an phlean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta agus i dtaca lena ullmhú, chomh maith le híosmhinicíocht na rialuithe oifigiúla, a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia, faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2017/625.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarbhír na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoir 85/358/CEE agus Treoir 86/469/CEE agus Cinneadh 89/187/CEE agus Cinneadh 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia (féach leathanach 7 den Iris Oifigiúil seo).

(3) I bhfianaise na bhforálacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla ar bhia de bhunadh ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha a leagtar amach in Airteagal 47 de Rialachán (AE) 2017/625, is iomchuí a cheangal ar na Ballstáit dhá phlean éagsúla a áireamh ina bpleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta chun éilleáin i mbia a rialú, plean amháin maidir leis an mbia sin de bhunadh ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas agus plean eile maidir le haon bhia eile a chuirtear ar mhargadh an Aontais.

(4) Na rialuithe oifigiúla ar an mbia sin uile atá sé beartaithe a chur ar mhargadh an Aontais, ba cheart iad a áireamh sa phlean maidir leis an mbia de bhunadh ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas, ach mar aon leis sin, rialuithe oifigiúla ar tháirgí iascaigh atá le déanamh ar shoithí nuair a thagann siad isteach i gcalafort i mBallstát, ba cheart iad a áireamh freisin, i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún ([4]), ós rud é go meastar go bhfuil na soithí sin cosúil le pointí rialaithe teorann, gan beann ar a mbratach.

(5) Ba cheart an plean maidir leis an mbia a chuirtear ar mhargadh an Aontais a bheith ag baint le haon bhia eile, is é sin táirgeadh bia intíre gach Ballstáit, bia a thugtar isteach ó Bhallstáit eile, agus bia de bhunadh neamh-ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith ag baint le táirgí ilchodacha de réir bhrí Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún ([5]), fiú iad siúd atá ag teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha ós rud é nach gá cuid de na táirgí sin a rialú ag pointí rialaithe teorann i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625.

(6) De bhreis ar na rialacha maidir le teaglamaí d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán agus de ghrúpaí tráchtearraí sna samplaí atá le glacadh ag na Ballstáit agus an straitéis samplála lena n-áirítear critéir nach mór dóibh a úsáid chun sainiú a dhéanamh ar ábhar a bpleananna agus ar fheidhmiú na rialuithe oifigiúla gaolmhara a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931, ba cheart íosmhinicíochtaí na rialuithe a leagan síos sa Rialachán seo le haghaidh gach ceann de na pleananna, chun a áirithiú go ndéanfar na rialuithe ar gach táirge go pointe áirithe ar a laghad ar fud an Aontais. Chun comhréireacht a áirithiú, áfach, ba cheart íosmhinicíochtaí bliantúla sin na rialuithe a shocrú, ag brath ar na táirgí, trí thagairt a dhéanamh do shonraí táirgeachta na mBallstát agus do mhéid dhaonra na mBallstát, ach íosmhéid réasúnta a bheith ann, agus do líon na gcoinsíneachtaí allmhairithe. Ar an gcúis chéanna, agus go háirithe, chun ualach iomarcach agus costais iomarcacha a sheachaint, is iomchuí cead a thabhairt do na Ballstáit gan rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar theaglamaí áirithe d'éilleáin agus de thráchtearraí in aghaidh na bliana, ar choinníoll go dtugtar réasúnú leis an rogha sin sa phlean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta. Maidir le coinsíneachtaí allmhairithe, go háirithe, táirgí bia arna n-allmhairiú ó thríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2129 ón gCoimisiún ([6]), ar tíortha iad a bhfuil comhaontuithe coibhéise tugtha i gcrích ag an Aontas leo i dtaca le seiceálacha fisiceacha, níor cheart iad a áireamh le líon na gcoinsíneachtaí allmhairithe toisc nach mór do na Ballstáit na rialuithe orthu a dhéanamh ar ráta minicíochta dá bhforáiltear sna comhaontuithe sin.

(7) Chun a áirithiú go mbeidh ábhar cuimsitheach sna pleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta maidir le láithreacht éilleán i mbia, ba cheart an fhaisnéis a shainiú nach mór do na Ballstáit a áireamh ina bpleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta maidir leis na roghanna a rinne siad ina gcuid pleananna.

(8) Chun cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú, is iomchuí a cheangal ar na Ballstáit a bpleananna rialaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh meastóireachta ar bhonn bliantúil agus nós imeachta a sholáthar don mheastóireacht sin.

(9) Sonraí arna mbailiú ag na Ballstáit trí rialuithe oifigiúla ar láithreacht éilleán i mbia, ní mór iad a tharchur freisin chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("EFSA") i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]). Chun go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar shonraí faoi tharluithe a bhí ann le déanaí, ba cheart do na Ballstáit uile sonraí a chur isteach ar bhonn rialta agus faoin dáta céanna.

---

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí d'ainmhithe agus d'earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2129 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2019 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí áirithe ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas (IO L 321, 12.12.2019, lch. 122).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

(10) Le hAirteagal 150(1) de Rialachán (AE) 2017/625 leagtar síos idirthréimhse lena gcuirtear mar oibleagáid ar na Ballstáit rialuithe oifigiúla a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 96/23/CE go dtí an 14 Nollaig 2022. Le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2017/625 foráiltear, i dtaca leis na rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh na rialacha maidir le bia agus sábháilteacht bia chomh maith le beatha agus sábháilteacht beatha a fhíorú, go n-áireofar ar na rialuithe sin rialuithe oifigiúla ar shubstaintí ábhartha lena n-áirítear substaintí atá le húsáid in ábhair teagmhála bia, éilleáin, substaintí neamhúdaraithe, substaintí toirmiscthe agus substaintí neamh-inmhianaithe a bhféadfadh iarmhair díobh i mbia nó i mbeatha a bheith mar thoradh ar a n-úsáid nó ar a láithreacht ar bharra nó ar ainmhithe nó chun bia nó beatha a tháirgeadh nó a phróiseáil. Ós rud é, áfach, go mbeidh feidhm ag na pleananna faireacháin deireanacha a ghlacann na Ballstáit faoi Threoir 96/23/CE maidir leis an mbliain 2022, agus dá bhrí sin tar éis an 14 Nollaig 2022, is iomchuí feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2023.

(11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

## ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

### Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos sa Rialachán seo socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar láithreacht éilleán i mbia, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) íosmhinicíocht aonfhoirmeach bhliantúil na rialuithe oifigiúla sin; agus

(b) socruithe sonracha agus ábhar sonrach le haghaidh phleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta na mBallstát, sa bhreis ar na socruithe sin agus ar an ábhar sin a leagtar síos in Airteagal 110 de Rialachán (AE) 2017/625.

*Airteagal 2*

### Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle ([8]), Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), Moladh 2013/165/AE ón gCoimisiún ([12]), Rialachán (AE) 2017/644 ón gCoimisiún ([13]) agus Rialachán (AE) 2017/2158 ón gCoimisiún ([14]).

([8]) Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia (IO L 37, 13.2.1993, lch. 1).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

([12]) Moladh ón gCoimisiún 2013/165/AE an 27 Márta 2013 maidir le láithreacht thocsain T-2 agus HT-2 i ngránaigh agus i dtáirgí gránach (IO L 91, 3.4.2013, lch. 12).

([13]) Rialachán (AE) 2017/644 an 5 Aibreán 2017 ón gCoimisiún lena leagtar síos modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil dé-ocsainí, PCBanna de chineál dé-ocsaine agus PCBanna neamh-dhé-ocsainiúla i mbia-ábhair áirithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 589/2014 (IO L 92, 6.4.2017, lch. 9).

([14]) Rialachán (AE) 2017/2158 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2017 lena mbunaítear bearta maolaithe agus leibhéil tagarmhairc chun láithreacht aicriolaimíde i mbia a laghdú (IO L 304, 21.11.2017, lch. 24).

CAIBIDIL II

**ÁBHAR AN PHLEAN RIALAITHE ILBHLIANTÚIL NÁISIÚNTA**

*Airteagal 3*

**Forálacha ginearálta**

Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar an méid seo a leanas sa chuid sin den phlean rialaithe ilbhliantúil náisiúnta a bhaineann le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar láithreacht éilleán i mbia:

(a) "plean rialaithe le haghaidh bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais" dá bhforáiltear in Airteagal 4; agus

(b) "plean rialaithe le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas." dá bhforáiltear in Airteagal 5.

*Airteagal 4*

**Plean rialaithe le haghaidh bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais**

1. Ullmhóidh na Ballstáit plean rialaithe maidir le láithreacht éilleán nó grúpaí éilleán i mbia a chuirtear ar mhargadh an Aontais, seachas bia de bhunadh ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas. Cumhdóidh an plean sin rialuithe oifigiúla ar tháirgeadh bia intíre gach Ballstáit, ar bhia a thugtar isteach ó Bhallstáit eile, ar bhia de bhunadh neamhainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas, agus ar tháirgí ilchodacha, fiú iad siúd atá ag teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha.

2. Leagtar amach an méid seo a leanas sa phlean rialaithe le haghaidh bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais:

(a) liosta na dteaglamaí d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán agus de ghrúpaí tráchtearraí atá le rialú arna chinneadh ag an mBallstát i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931;

(b) an straitéis samplála arna cinneadh ag an mBallstát i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931; agus

(c) minicíochtaí iarbhír na rialuithe arna gcinneadh ag an mBallstát agus na híosmhinicíochtaí bliantúla maidir le rialuithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I á gcur san áireamh.

3. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis a áireamh sna pleananna rialaithe, ar faisnéis í maidir leis na rialuithe i ndáil leis na teaglamaí d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán agus de ghrúpaí tráchtearraí a mbunaítear uasleibhéil náisiúnta nó leibhéil rialála eile ina leith leis an reachtaíocht náisiúnta.

*Airteagal 5*

**Plean rialaithe le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas**

1. Ullmhóidh na Ballstáit plean rialaithe maidir le láithreacht éilleán nó grúpaí éilleán i mbia de bhunadh ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas agus atá sé beartaithe a chur ar mhargadh an Aontais. Cumhdóidh an plean sin na rialuithe oifigiúla ar bhia de bhunadh ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas agus atá sé beartaithe a chur ar mhargadh an Aontais agus rialuithe oifigiúla ar tháirgí iascaigh atá le déanamh ar shoithí nuair a thagann siad isteach i gcalafort i mBallstát.

2. Leagtar amach an méid seo a leanas sa phlean rialaithe le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas:

(a) rialú arna chinneadh ag an mBallstát i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) liosta na dteaglamaí d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán agus de ghrúpaí tráchtearraí atá le 2022/931;

(b) an straitéis samplála arna cinneadh ag an mBallstát i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931; agus

(c) minicíochtaí iarbhír na rialuithe arna gcinneadh ag an mBallstát agus na híosmhinicíochtaí bliantúla a leagtar síos in Iarscríbhinn II á gcur san áireamh.

3. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis a áireamh sna pleananna rialaithe, ar faisnéis í maidir leis na rialuithe i ndáil leis na teaglamaí d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán agus de ghrúpaí tráchtearraí a mbunaítear uasleibhéil náisiúnta nó leibhéil rialála eile ina leith leis an reachtaíocht náisiúnta.

*Airteagal 6*

**Ceanglais choiteanna maidir leis na pleananna rialaithe**

Ina theannta sin, sonrófar an méid seo a leanas sna pleananna rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 3:

(a) réasúnú le haghaidh na dteaglamaí d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán agus de ghrúpaí tráchtearraí arna roghnú, lena n-áirítear míniú ar an gcaoi a ndearnadh na critéir a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931 a chur san áireamh, fiú mura ndearnadh aon athruithe i gcomparáid le plean na bliana roimhe sin;

(b) i gcás ina bhforálfar i bplean nach go bliantúil a dhéanfar na rialuithe oifigiúla ar theaglamaí áirithe d'éilleáin nó de ghrúpaí éilleán agus de ghrúpaí tráchtearraí, ach laistigh de thréimhse ama áirithe, réasúnú an chinnidh sin; agus

(c) faisnéis faoin údarás inniúil/na húdaráis inniúla atá freagrach as na pleananna a chur chun feidhme.

CAIBIDIL III

**NA PLEANANNA RIALAITHE A CHUR ISTEACH AGUS MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH ORTHU AGUS NA BALLSTÁIT SONRAÍ A CHUR ISTEACH**

*Airteagal 7*

**Na pleananna rialaithe a chur isteach agus meastóireacht a dhéanamh orthu**

Faoin 31 Márta gach bliain, cuirfidh na Ballstáit na pleananna rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 3 don bhliain reatha faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar na pleananna rialaithe ar bhonn an Rialacháin seo agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931 agus cuirfidh sé a mheastóireacht in iúl do gach Ballstát, i gcás inar gá.

Breithneoidh na Ballstáit barúlacha an Choimisiúin agus a bpleananna rialaithe á gcur chun feidhme acu agus nuair a bheidh siad ag ullmhú lena bpleananna a chur isteach den chéad uair eile de bhun an Airteagail seo. I gcás ina sainaithneoidh an Coimisiún gurb ann do neamh-chomhlíontacht mhór i gcás plean, áfach, féadfaidh sé iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann plean cothrom le dáta a chur faoin bhráid ag dáta níos luaithe ná an 31 Márta den bhliain ina dhiaidh sin.

I gcás ina gcinnfidh Ballstát gan a phleananna rialaithe a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bharúlacha an Choimisiúin, léireoidh sé réasúnú a sheasaimh.

*Airteagal 8*

**Ballstáit sonraí a chur isteach**

Faoin 30 Meitheamh, déanfaidh na Ballstáit na sonraí uile a bhailítear de réir na bpleananna rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 3 a tharchur chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("EFSA").

CAIBIDIL IV

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 9*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Íosmhinicíocht na rialuithe in aghaidh an Bhallstáit sa phlean rialaithe le haghaidh bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais**

1. **Bia de bhunadh ainmhíoch**

(a) Comhlíonfaidh na Ballstáit íosmhinicíochtaí na rialuithe seo a leanas sa phlean rialaithe le haghaidh bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais:

| | Minicíocht rialaithe |
|---|---|
| Feoil neamhphróiseáilte ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear scairteach inite) | 0,02 % ar a laghad den líon iomlán ainmhithe a maraíodh |
| Feoil neamhphróiseáilte ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmnithe den chineál gabhair (lena n-áirítear scairteach inite) | 0,004 % ar a laghad den líon iomlán ainmhithe a maraíodh |
| Feoil neamhphróiseáilte ó mhuc-ainmhithe (lena n-áirítear scairteach inite) | 0,003 % ar a laghad den líon iomlán ainmhithe a maraíodh |
| Feoil neamhphróiseáilte ó each-ainmhithe (lena n-áirítear scairteach inite) | Tá gach Ballstát leis an líon samplaí a chinneadh de réir an leibhéil táirgeachta agus na bhfadhbanna a sainaithníodh. |
| Feoil neamhphróiseáilte ó éanlaith chlóis (lena n-áirítear scairteach inite) | Maidir le gach catagóir d'éanlaith chlóis a bhreithnítear (sicíní grísce, cearca spíonta, turcaithe agus éanlaith chlóis eile), sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 3 000 tona de tháirgeacht bhliantúil (meá-lasta) |
| Feoil neamhphróiseáilte ó ainmhithe talún feirme eile (*) (lena n-áirítear scairteach inite) | Tá gach Ballstát leis an líon samplaí a chinneadh de réir an leibhéil táirgeachta agus na bhfadhbanna a sainaithníodh. |
| Bainne amh ó bhó-ainmhithe | Sampla amháin ar a laghad in aghaidh 110 000 tona de tháirgeacht bhliantúil bainne |
| Bainne amh caorach agus gabhar | Tá gach Ballstát leis an líon samplaí a chinneadh de réir an leibhéil táirgeachta agus na bhfadhbanna a sainaithníodh. |
| Uibheacha úra ó chearca agus uibheacha eile | Sampla amháin ar a laghad in aghaidh 3 700 tona de tháirgeacht bhliantúil uibheacha |
| Mil | Sampla amháin ar a laghad in aghaidh 1 300 tona de tháirgeacht bhliantúil |
| Táirgí neamhphróiseáilte iascaigh (**) (seachas crústaigh) | Ar a laghad sampla amháin in aghaidh 700 tona de tháirgeadh bliantúil dobharshaothraithe le haghaidh an chéad 60 000 tona táirgthe agus ansin sampla amháin le haghaidh gach 2 000 tona breise<br>Le haghaidh táirgí iascaigh a ghabhtar go fiáin, tá gach Ballstát leis an líon samplaí a chinneadh de réir an leibhéil táirgeachta agus na bhfadhbanna a sainaithníodh. |
| Crústaigh agus moilisc dhébhlaoscacha | Tá gach Ballstát leis an líon samplaí a chinneadh de réir an leibhéil táirgeachta agus na bhfadhbanna a sainaithníodh. |
| Saillte agus olaí ó ainmhithe agus ón bhfarraige | Tá gach Ballstát leis an líon samplaí a chinneadh de réir an leibhéil táirgeachta agus na bhfadhbanna a sainaithníodh. |
| Táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch (***) | Tá gach Ballstát leis an líon samplaí a chinneadh de réir an leibhéil táirgeachta agus na bhfadhbanna a sainaithníodh. |

(*) Ainmhithe talún feirme eile mar a shainmhínítear in iontráil 1017000 d'Iarscríbhinn I, cuid A, ghabhann le Rialachán (CE) Uimh.396/2005.

(**) Táirgí iascaigh mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(***) Táirgí próiseáilte mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004.

(b) Déanfaidh na Ballstáit rialuithe ar bhonn bliantúil ar "mhiotail" i gcás 10 % ar a laghad de na samplaí a thógtar le haghaidh gach grúpa tráchtearraí i gcomhréir le tábla na hIarscríbhinne seo, cé is moite de na grúpaí tráchtearraí "crústaigh agus moilisc dhébhlaoscacha", "saillte agus olaí ainmhithe agus muirí" agus "táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch".

(c) Déanfaidh na Ballstáit rialuithe ar bhonn bliantúil ar "mhíceatocsainí" i gcás 10 % ar a laghad de na samplaí a thógtar le haghaidh an ghrúpa tráchtearraí "bainne amh ó bhó-ainmhithe" agus "bainne caorach amh agus bainne gabhair amh" i gcomhréir le tábla na hIarscríbhinne seo.

(d) Laistigh den ghrúpa tráchtearraí "feoil neamhphróiseáilte ó bhó-ainmhithe, ó ainmnithe den chineál caorach agus ó ainmnithe den chineál gabhair (lena n-áirítear scairteach inite)", tógfaidh na Ballstáit samplaí ó gach speiceas, agus méid a dtáirgeachta coibhneasta á chur san áireamh.

(e) Laistigh den ghrúpa tráchtearraí "feoil neamhphróiseáilte ó éanlaith chlóis (lena n-áirítear scairteach inite)", tógfaidh na Ballstáit samplaí ó gach speiceas, agus méid a dtáirgeachta coibhneasta á chur san áireamh.

(f) Chun an líon samplaí le haghaidh táirgí iascaigh agus moilisc dhébhlaoscacha a chinneadh, cuirfidh na Ballstáit san áireamh freisin na gnéithe geografacha, na méideanna tabhairt i dtír/táirgeachta agus na patrúin shonracha éilliúcháin sna limistéir inar buanadh iad.

(g) Chun íosmhinicíochtaí na rialuithe a ríomh, úsáidfidh na Ballstáit na sonraí táirgeachta is déanaí atá ar fáil, ón mbliain roimhe sin ar a laghad nó ón mbliain leathdheireanach ar a mhéad, agus iad coigeartaithe, más ábhartha, chun athruithe sa táirgeacht a léiriú ó cuireadh na sonraí ar fáil.

(h) I gcás inar lú ná cúig shampla in aghaidh na bliana a bheadh sa mhinicíocht rialaithe arna ríomh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, féadfar an tsampláil a dhéanamh uair amháin gach dhá bhliain.

(i) I gcás nach sroichtear, laistigh de thréimhse 3 bliana, an táirgeadh a chomhfhreagraíonn d'íosmhéid sampla amháin, déanfaidh na Ballstáit anailís ar dhá shampla ar a laghad uair amháin in aghaidh na d3 bliana ar choinníoll go ndéantar an táirgeadh le haghaidh an táirge sin ina gcríoch.

(j) Samplaí a thógtar chun críocha pleananna rialaithe eile atá ábhartha chun anailís a dhéanamh ar éilleáin (e.g. ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar iarmhair díobh, ar iarmhair lotnaidicídí), féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh rialuithe ar éilleáin ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais maidir leis na rialuithe ar éilleáin.

2. **Bia nach de bhunadh ainmhíoch é** ([1])

Tógfaidh na Ballstáit ar a laghad 100 go 2 000 sampla in aghaidh na bliana de réir mhéid an daonra. I gcás inar gá, áfach, i ngeall ar an riosca, glacfar níos mó samplaí chun a áirithiú go mbeidh na rialuithe éifeachtach go fóill.

Beidh an tsampláil ionadaíoch do na héilleáin éagsúla, a d'fhéadfadh a bheith i dtáirgí éagsúla ar mhargadh an Bhallstáit, agus aird á tabhairt freisin ar phatrúin éagsúla éilleán i dtáirgí de thionscnamh réigiún éagsúil agus ar líon agus ar mhéideanna éagsúla oibreoirí gnó bia.

([1]) Chun críche an Rialacháin seo, cuirfear na critéir atá ábhartha do bhia nach de bhunadh ainmhíoch iad i bhfeidhm maidir le táirgí ilchodacha.

*IARSCRÍBHINN II*

**Íosmhinicíocht na rialuithe de réir an Bhallstáit sa phlean rialaithe le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch atá ag teacht isteach san Aontas**

Comhlíonfaidh na Ballstáit íosmhinicíocht na rialuithe mar a leagtar síos sa tábla thíos.

Rialuithe a dhéanfar faoi Airteagal 47(1)(d) (seiceálacha treisithe) agus faoi Airteagal 47(1)(e) (bearta coimirce) de Rialachán (AE) 2017/625, ní áireofar iad i leith íosmhinicíochtaí rialuithe na hIarscríbhinne seo a bhaint amach.

Rialuithe arna ndéanamh faoi na bearta éigeandála atá bunaithe agus na rialuithe oifigiúla treisithe, ar bhonn Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Airteagal 65(4) de Rialachán (AE) 2017/625, ní áireofar iad i leith íosmhinicíochtaí rialuithe na hIarscríbhinne seo a bhaint amach.

Rialuithe ar tháirgí bia ó thríú tíortha áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2129, a bhfuil comhaontuithe coibhéise le haghaidh seiceálacha fisiceacha tugtha i gcrích ag an Aontas leo, ní áireofar iad i leith íosmhinicíochtaí rialuithe na hIarscríbhinne seo a bhaint amach.

Maidir leis na rialuithe ar tháirgí iascaigh a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán (AE) 2019/627, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na gnéithe geografacha, méideanna tabhairt i dtír/táirgeachta agus patrúin shonracha éilliúcháin sna limistéir inar buanadh iad.

| | Minicíocht rialaithe |
|---|---|
| Bó-ainmhithe (lena n-áirítear feoil, feoil mhionaithe, feoil scartha go meicniúil, scairteach inite, ullmhóidí feola agus táirgí feola) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Ainmhithe den chineál caorach/ainmhithe den chineál gabhair (lena n-áirítear feoil, mionfheoil, feoil scartha go meicniúil, scairteach inite, ullmhóidí feola agus táirgí feola) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Ainmhithe den chineál mucach (lena n-áirítear feoil, feoil mhionaithe, feoil scartha go meicniúil, scairteach inite, ullmhóidí feola agus táirgí feola) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Each-ainmhithe (lena n-áirítear feoil, feoil mhionaithe, feoil scartha go meicniúil, scairteach inite, ullmhóidí feola agus táirgí feola) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Éanlaith chlóis (lena n-áirítear feoil, feoil mhionaithe, scairteach inite, ullmhóidí feola agus táirgí feola) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Feoil ó ainmhithe talún feirme eile (*) (lena n-áirítear feoil, feoil mhionaithe, scairteach inite, ullmhóidí feola agus táirgí feola) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Bainne (lena n-áirítear bainne amh, táirgí déiríochta, gruth buí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí de gach speiceas) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Uibheacha (lena n-áirítear uibheacha agus táirgí uibhe ó gach speiceas éan) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Mil (lena n-áirítear mil agus táirgí beachadóireachta eile) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Táirgí neamhphróiseáilte iascaigh (**) (seachas crústaigh) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Crústaigh agus moilisc dhébhlaoscacha (lena n-áirítear feoil mhatáin agus táirgí bunaithe ar an bhfeoil mhatáin) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |
| Saillte agus olaí neamhphróiseáilte ó ainmhithe agus ón bhfarraige (***) | 1 % ar a laghad de na coinsíneachtaí allmhairithe |

(*) Ainmhithe talún feirme eile mar a shainmhínítear in iontráil 1017000 d'Iarscríbhinn I, cuid A, ghabhann le Rialachán (CE) Uimh.396/2005.

(**) Táirgí iascaigh mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(***) "Táirgí próiseáilte" mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004.

Forálacha breise:

1. Cinnfidh gach Ballstát minicíocht rialaithe táirgí próiseáilte eile de bhunadh ainmhíoch, amhail geilitín agus collaigin, agus an líon coinsíneachtaí allmhairithe agus na fadhbanna a sainaithníodh á gcur san áireamh.
2. Chun íosmhinicíochtaí na rialuithe a liostaítear san Iarscríbhinn seo a ríomh, úsáidfidh na Ballstáit na sonraí is déanaí maidir leis an líon coinsíneachtaí atá ag teacht isteach san Aontas trína bpoist rialaithe teorann, ón mbliain roimhe sin ar a laghad nó ón mbliain leathdheireanach ar a mhéad.
3. I gcás gur lú an líon coinsíneachtaí bia atá ag teacht isteach san Aontas agus atá sé beartaithe a chur ar mhargadh an Aontais ná an líon coinsíneachtaí a chomhfhreagraíonn do shampla amháin, féadfaidh na Ballstáit an tsampláil a dhéanamh uair amháin in aghaidh an dá bhliain nó in aghaidh na d3 bliana. I gcás inar lú an líon coinsíneachtaí a allmhairítear thar thréimhse 3 bliana ná an líon coinsíneachtaí a chomhfhreagraíonn do shampla amháin, tógfaidh na Ballstáit sampla amháin ar a laghad uair amháin gach 3 bliana.
4. Samplaí a thógtar chun críocha pleananna rialaithe eile atá ábhartha chun anailís a dhéanamh ar éilleáin (e.g. ar shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar iarmhair díobh, ar iarmhair lotnaidicídí, etc.), féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh rialuithe ar éilleáin ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais maidir leis na rialuithe ar éilleáin.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/933 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13 Meitheamh 2022**

**maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoi na cóid AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí a fhoráil go bhféadfaidh an sealbhóir an fhaisnéis sin a agairt fós, go ceann tréimhse áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse 3 mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoi na cóid AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

*Airteagal 2*

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.
([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

Gerassimos THOMAS

*An tArd-Stiúrthóir*

*Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim*

*IARSCRÍBHINN*

| Tuairisc ar na hearraí | Aicmiú (Cód AC) | Cúiseanna |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Trí ítim a chóirítear le chéile lena miondíol, lena n-áirítear:<br>(a) ball éadaigh cniotáilte gan mhuinchillí (veist aclaíochta mar a thugtar air) (93 % snáithíní sintéiseacha agus 7 % leaisteán) lena gcumhdaítear uachtar an choirp síos go dtí an choim. Tá V-mhuineál ar a bhrollach, agus osclaítear é go hiomlán ar a bhrollach le ceangal zip, gan aon dúnadh forluiteach. Ar bhrollach an bhaill éadaigh, tá dhá phóca brollaigh oscailte dhronuilleogacha atá tuairim is 19 cm × 8 cm agus dhá phóca cúil oscailte dhronuilleogacha atá tuairim is 12 cm × 14 cm.<br>Ar a chúl, tá póca amháin ag a bhfuil strapaí rubair atá ceaptha chun rudaí a chur i gceangal, mar shampla, maidí siúil infhillte.<br>(b) dhá fhleascán bhoga, a bhfuil tóin réidh orthu, a bhfuil toirt 500 ml an ceann acu, ar féidir iad a chur sna pócaí brollaigh, atá déanta as polúireatán agus a bhfuil claibín plaistigh orthu a bhfuil sconna intarraingthe air.<br>Féach na híomhánna *. | | Is le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte (RLG) a chinntear an t-aicmiú.<br>Na trí ítim mar a chuirtear i láthair le chéile iad, is trí ítim ar leithligh iad. Ní earraí comhchodacha iad, óir ní dhéantar earra iomlán díobh i gcás ina gcuirtear le chéile iad, ar earra iomlán é sin nach gcuirfí ar díol ina chodanna ar leith de ghnáth. Ní earraí iad a chóirítear ina dtacair lena miondíol de réir bhrí RLG 3(b), óir ní chóirítear le chéile iad chun freastal ar riachtanas áirithe nó chun gníomhaíocht shonrach a dhéanamh, go háirithe toisc nach gcuirtear teorainn lena n-úsáid maidir le táirgí sonracha a iompar le haghaidh riachtanais shonracha nó gníomhaíochtaí sonracha i ngeall ar dhearadh na bpócaí. Is ítimí aonair iad na hítimí, ar féidir iad a úsáid go neamhspleách ar a chéile. Gníomhaíochtaí difriúla is ea ball éadaigh a chaitheamh agus deochanna a ól, agus ní fhreastalaíonn siad ar an riachtanas sonrach céanna (cumhdaítear uachtar an choirp leis an mball éadaigh agus úsáidtear fleascáin chun deochanna a ól).<br>Más rud é nach bhfreastalaíonn earra amháin de "thacar" nó níos mó ar an riachtanas áirithe céanna nó nach bhfuil sé/siad ceaptha chun an ghníomhaíocht shonrach chéanna a dhéanamh, ní mór gach earra a aicmiú ar leithligh (féach freisin Treoirlínte maidir le hearraí a chóirítear ina dtacair lena miondíol a aicmiú san Ainmníocht Chomhcheangailte, Cuid B (II) (1) ([1]).<br>Dá bhrí sin, tá na hítimí le haicmiú ar leithligh.<br>Na hearraí aonair dá dtagraítear sa tuairisc ar na hearraí, tá siad le haicmiú mar seo a leanas: |
| | 6110 30 99 | (a) Cinntear an t-aicmiú le Nóta 9, an dara mír, a ghabhann le Caibidil 61 agus le foclaíocht chóid AC 6110, 6110 30 agus 6110 30 99.<br>I bhfianaise a saintréithe oibiachtúla, is ball éadaigh de cheannteideal 6110 í an veist. Cumhdaítear leis an gceannteideal sin catagóir earraí cniotáilte nó cróiseáilte, atá ceaptha chun uachtar an choirp a chumhdach (geansaithe spóirt, geansaithe, cairdeagain, bástchótaí agus earraí comhchosúla) (féach freisin Nóta míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 6110, an chéad mhír). |

| | | |
|---|---|---|
| | | Tá baill éadaigh an cheannteidil sin beartaithe chun uachtar an choirp a chumhdach, bíodh muinchillí orthu nó ná bíodh, bíodh aon chineál muiníl orthu, bíodh bóna orthu nó ná bíodh, bíodh pócaí orthu nó ná bíodh. Is féidir iad a bheith déanta as aon chineál ábhair chniotáilte nó chróiseáilte, lena n-áirítear fabraicí éadroma nó fabraicí atá cniotáilte go fíneálta, nó aon snáithín teicstíle (féach freisin na nótaí Míniúcháin a ghabhann leis an Ainmníocht Chomhcheangailte a ghabhann le ceannteideal 6110).<br><br>Ní féidir an veist a aithint mar veist atá deartha d'fhir nó do mhná. Tá an veist le haicmiú mar gheansaí spóirt, geansaí, cairdeagan, bástchóta agus earraí comhchosúla mná nó cailín, atá cniotáilte nó cróiseáilte, atá déanta as snáithíní de dhéantús an duine. |
| | 3924 90 00 | (b) Cinntear an t-aicmiú le foclaíocht chóid AC 3924 agus 3924 90 00.<br><br>Tá na fleascáin le haicmiú mar earraí tí eile agus mar earraí sláinteacha nó leithris, atá déanta as plaisteach. |

([1]) IO C 105, 11.4.2013, lch. 1.
* Is le faisnéis a thabhairt, agus lena aghaidh sin amháin, atá na híomhánna ann.





**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/934 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16 Meitheamh 2022**

**lena gcuirtear allmhairí de rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó faoi réir clárú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 14(5a) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Samhain 2021, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún"), trí fhógra a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([2]) ("an fógra tionscnaimh"), go dtionscnófaí imeacht frithdhumpála maidir le hallmhairí de rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó, tar éis do Chomhlachas Monaróirí Rothaí na hEorpa ("an gearánaí") gearán a dhéanamh thar ceann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais acu de rothaí bóthair alúmanaim áirithe.

## 1. AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR CLÁRÚ

(2) Is é táirge atá faoi réir clárú rothaí bóthair alúmanaim na mótarfheithiclí atá faoi cheannteidil 8701 go 8705, bíodh a ngabhálais feistithe orthu nó ná bíodh agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh ("an táirge lena mbaineann").

(3) Aicmítear an táirge lena mbaineann faoi chóid AC ex 8708 70 10 agus ex 8708 70 50 faoi láthair (cóid TARIC: 8708 70 10 15, 8708 70 10 50, 8708 70 50 15 agus 8708 70 50 50). Is chun críoch na faisnéise amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC. Tá raon feidhme an imscrúdaithe seo faoi réir shainiú an táirge faoi imscrúdú mar a luaitear thuas.

## 2. AN FORAS LE CLÁRÚ A DHÉANAMH

(4) De réir Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, déanfaidh an Coimisiún allmhairí a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta faoi Airteagal 19a den bhun-Rialachán ionas go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar na hallmhairí sin ó dháta clárúcháin den sórt sin ar aghaidh, mura mbeidh go leor fianaise aige nach gcloítear leis na ceanglais faoi Airteagal 10(4)(c) nó faoi Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán.

(5) D'fhíoraigh an Coimisiún an raibh na hallmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil i dtaobh mhéid na dumpála agus na díobhála líomhainte nó cruthaithe, nó ar cheart iad a bheith ar an eolas faoi. Rinne sé anailís freisin féachaint an raibh ardú suntasach breise ann ó thaobh allmhairí, ab ardú ba dhócha a bhainfeadh an bonn go tromchúiseach d'éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála a bheadh le cur i bhfeidhm, i bhfianaise uainiú, méide agus cúinsí eile a bhain leis an ardú suntasach sin.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO C 464, 17.11.2021, lch. 19.

(6) Rinne an Coimisiún scrúdú amhlaidh ar an bhfianaise a bhí ar fáil dó i bhfianaise Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. Chuaigh an Coimisiún i muinín sonraí allmhairí mar a léirítear i dTábla 1, i measc nithe eile, chun críocha na hanailíse seo.

### 2.1. **Eolas na n-allmhaireoirí ar an dumpáil, ar mhéid na dumpála agus ar an díobháil líomhainte**

(7) Tá fianaise leormhaith ag an gCoimisiún go bhfuil allmhairí ó Mharacó den táirge lena mbaineann á ndumpáil.

(8) San fhógra tionscnaimh faoin imeacht seo a foilsíodh an 17 Samhain 2021 cuireadh i dtábhacht gur suntasach an corrlach dumpála a ríomhadh, mar atá, 14 %. Chuir an fhianaise sa ghearán tacaíocht leormhaith ar fáil ag an gcéim sin go bhfuil na táirgeoirí onnmhairiúcháin i mbun dumpála.

(9) Ina theannta sin, cuireadh fianaise leormhaith ar fáil sa ghearán ar dhíobháil líomhainte do thionscal an Aontais, díobháil lena n-áirítear laghdú ar a sciar den mhargadh agus forbairt dhiúltach ar phríomhtháscairí feidhmíochta eile i leith thionscail an Aontais.

(10) De bhua an fógra tionscnaimh a bheith foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, is doiciméad poiblí é a bhfuil rochtain ag gach allmhaireoir air. Thairis sin, tá rochtain ag allmhaireoirí, ina gcáil mar pháirtithe leasmhara san imscrúdú, ar an leagan neamhrúnda den ghearán agus ar an gcomhad neamhrúnda. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh na hallmhaireoirí ar an eolas, ar an mbonn sin, faoi na cleachtais dumpála a líomhnaíodh, faoi mhéid na gcleachtas sin, agus faoin díobháil líomhainte, sin nó gur cheart iad a bheith ar an eolas fúthu.

(11) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon fhianaise ann nár cloíodh leis an gceanglas in Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán.

### 2.2. **Ardú suntasach breise sna hallmhairí**

(12) Ar bhonn sonraí staidrimh ar a dtugtar achoimre i dTábla 1 thíos, shuigh an Coimisiún gur tháinig méadú 43 % ar an líon rothaí bóthair alúmanaim a allmhairíodh go dtí an tAontas ó Mharacó le linn na tréimhse ón 1 Nollaig 2021 go dtí an 30 Aibreán 2022, i.e. tar éis thionscnamh an cháis, i gcomparáid leis an tréimhse ón 1 Nollaig 2020 go dtí an 30 Aibreán 2021, i.e. an tréimhse chéanna bliain roimhe sin, ar cuid den tréimhse imscrúdaithe í (is í an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 an tréimhse imscrúdaithe). Sa bhreis air sin, bhí meánmhéid míosúil na n-allmhairí go dtí an tAontas ó Mharacó sa tréimhse ón 1 Nollaig 2021 go dtí an 30 Aibreán 2022 92 300 aonad níos mó ná meánmhéid míosúil na n-allmhairí go dtí an tAontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(13) Dá bhrí sin, i bhfianaise an ardaithe shuntasaigh breise sin sna hallmhairí ón tír lena mbaineann, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon fhianaise ann nár cloíodh leis an gceanglas sin.

*Tábla 1*

| | 1 Nollaig 2020 - 30 Aibreán 2021 | 1 Nollaig 2021 - 30 Aibreán 2022 | Δ | Meán míosúil 1 Nollaig 2020- 30 Aibreán 2021 | Meán míosúil 1 Nollaig 2021 – 30 Aibreán 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| Méideanna allmhairí (píosaí) | 1 068 018 | 1 529 755 | + 43 % | 213 604 | 305 951 |

Foinse: Bunachar sonraí faireachais an Choimisiúin le haghaidh Aibreáin 2022, bunachar sonraí Comext Eurostat le haghaidh na míonna eile Cóimheas tiontaithe kg/aonad: 11,3 kg/aonad

### 2.3. **An bonn a bhaint d'éifeacht cheartaitheach na dleachta**

(14) Mar a shuitear i roinn 2.2, tháinig ardú suntasach breise ar allmhairí an táirge lena mbaineann ó tionscnaíodh an imscrúdú seo. Is ionann an t-ardú sin agus thart ar 92 300 roth alúmanaim breise in aghaidh na míosa i gcomparáid leis an líon rothaí alúmanaim a allmhairíodh ó Mharacó le linn na tréimhse imscrúdaithe. An t-ardú sin amháin, is ionann é agus thart ar 2 % de thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(15) De réir na sonraí allmhairiúcháin ar a dtugtar achoimre i dtábla 2 thíos, bhí an meánphraghas allmhairiúcháin in aghaidh an rotha ar an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse ón 1 Nollaig 2021 go dtí an 30 Aibreán 2022 14,8 % níos airde ná an meánphraghas allmhairiúcháin ó Mharacó a tugadh faoi deara le linn na tréimhse imscrúdaithe. Caithfear a chur san áireamh, áfach, go mbaineann thart ar 50 % de chostas táirgthe ARW leis an alúmanam príomhúil agus go bhfuil an praghas díola innéacsaithe le praghas an alúmanaim ar Mhalartán Miotal Londan. Thug an Coimisiún dá aire gur mhéadaigh meánphraghas an alúmanaim 50 % sa tréimhse imscrúdaithe i gcomparáid leis an tréimhse ó mhí na Nollag 2021 go mí Aibreáin 2022. Dá bhrí sin, samhlaíonn sé nach léirítear sa mhéadú 14,8 % ar an bpraghas ach cuid de mhéadú an chostais táirgthe, agus, mar sin, gur féidir fós go gcuirfidh na hallmhairí díolacháin thionscal an Aontais faoi bhrú.

*Tábla 2*

| | Tréimhse an imscrúdaithe | Nollaig 2021 – Aibreán 2022 | Δ |
|---|---|---|---|
| Meánphraghsanna allmhairiúcháin míosúla (EUR/píosa) | 44,7 | 51,3 | + 14,8 % |

Foinse: Bunachar sonraí faireachais an Choimisiúin le haghaidh Aibreáin 2022, bunachar sonraí Comext Eurostat le haghaidh na míonna eile

(16) Ar an mbonn sin, shuigh an Coimisiún nár léirigh an fhianaise i gcomhad nár cloíodh leis an gceanglas sin.

### 2.4. **Conclúid**

(17) I bhfianaise an mhéid atá thuas, shuigh an Coimisiún nach bhfuil aon fhianaise dhochloíte ann a léiríonn nach raibh údar le hallmhairí an táirge lena mbaineann a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta sa chás seo. Ó foilsíodh an fógra tionscnaimh, tráth a bhí na táirgeoirí onnmhairiúcháin ar an eolas faoin dumpáil líomhainte agus faoin díobháil líomhainte, nó ba cheart iad a bheith ar an eolas faoi, tháinig ardú breise ar allmhairí an táirge lena mbaineann i gcaoi a bhféadfaí an bonn a bhaint d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna frithdhumpála, le linn na tréimhse réamhnochta freisin.

(18) Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, déanfaidh an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta.

## 3. **NÓS IMEACHTA**

(19) Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil. Thairis sin, féadfaidh an Coimisiún éisteacht le páirtithe leasmhara, ar choinníoll go ndéanfaidh siad iarraidh i scríbhinn agus go gcuirfidh siad in iúl go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht a thabhairt dóibh.

## 4. **CLÁRÚ**

(20) Faoi Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, déanfaidh an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta de bhun Airteagal 19a den bhun-Rialachán, mura mbeidh go leor fianaise ann nach gcloítear leis na ceanglais faoi Airteagal 10(4)(c) agus (d).

(21) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí críochnúla an imscrúdaithe frithdhumpála seo a thiocfadh sé. Sna líomhaintí sa ghearán inar iarradh an t-imscrúdú a thionscnamh, meastar meánchorrlach dumpála thart ar 14 % agus meánleibhéal díothaithe díobhála suas le 43 % a bheith ann i gcás an táirge lena mbaineann. Meastar méid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar na leibhéil sin ar bhonn an ghearáin, eadhon 14 % mar chion de luach allmhairiúcháin CAL an táirge lena mbaineann

5. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(22) Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéileálfar le haon sonraí pearsanta a bailíodh san imscrúdú seo ([3]).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, tugtar treoir do na húdaráis chustaim, de bhun Airteagal 14(5a) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó a bhaineann leis na mótarfheithiclí atá faoi cheannteidil 8701 go 8705, bíodh a ngabhálais feistithe orthu nó ná bíodh agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh, rothaí a thagann faoi chuimsiú chóid AC ex 8708 70 10 agus ex 8708 70 50 faoi láthair (cóid TARIC: 8708 70 10 15, 8708 70 10 50, 8708 70 50 15 agus 8708 70 50 50), a chlárú.

2. Rachaidh an clárú in éag ceithre seachtaine tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/935 ÓN gCOMHAIRLE

### an 13 Meitheamh 2022

### maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte 2021-2027 a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú"), síníodh é an 25 Meitheamh 2001 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2004.

(2) De bhun an Chomhaontaithe, tá sé de chumhacht ag an gComhairle Comhlachais a bunaíodh leis ("Comhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte") cinntí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach agus tá sí in ann moltaí iomchuí a dhéanamh.

(3) D'fhonn an caidreamh láidir ilghnéitheach idir an dá chomhpháirtí a neartú a thuilleadh, sainaithníodh tosaíochtaí comhpháirtíochta chun tacú le cur chun feidhme an Chomhaontuithe agus chun comhpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte le haghaidh thréimhse 2021-2027 a threorú agus chun í a chur ar an eolas ("Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte 2021-2027").

(4) Tá moladh le glacadh ag Comhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta 2021-2027 idir an tAontas agus an Éigipt le linn an naoú cruinniú a bheidh aici.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte a bhunú ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an moladh a bhaineann le Comhpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte 2021-2027.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh seasamh an Aontais laistigh de Chomhairle Comhlachais AE-an Éigipt bunaithe ar an dréachtmholadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh le linn an naoú cruinniú de Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte, beidh sé bunaithe ar an dréachtmholadh ó Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile (IO L 304, 30.9.2004, lch. 39).

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 13 Meitheamh 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. FESNEAU

**DRÉACHT**

# DRÉACHTMHOLADH UIMH. 1/2022 DE CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hÉIGIPTE

**an …**

**maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte 2021–2027**

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hÉIGIPTE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile ('an Comhaontú') síníodh é an 25 Meitheamh 2001 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2004.

(2) Le hAirteagal 76 den Chomhaontú, tugtar de chumhacht do Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte cinntí iomchuí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach, agus moltaí iomchuí a dhéanamh.

(3) De bhun Airteagal 86 den Chomhaontú, déanfaidh na Páirtithe na bearta ginearálta nó sonracha is gá chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú a chomhlíonadh agus féachfaidh siad chuige go mbaintear amach na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú.

(4) Leis an athbhreithniú ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa, moladh céim nua rannpháirtíochta le comhpháirtithe, rud a d'fhágfadh gur mhó an bhraistint úinéireachta a bheadh ag an dá thaobh.

(5) Chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus an Éigipt a gcomhpháirtíocht a chomhdhlúthú trí shraith tosaíochtaí a chomhaontú le haghaidh na tréimhse 2021–2027 ('Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte 2021–2027') agus é mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin choiteanna atá roimh an Aontas agus an Éigipt agus leasanna comhpháirteacha a chur chun cinn.

(6) Chomhaontaigh na Páirtithe sa Chomhaontú ar théacs Thosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte 2021–2027, rud a bheidh ina thaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, lena ndíreofar ar chomhar i ndáille leasanna coiteanna a sainaithníodh go comhpháirteach,

AG MOLADH LEIS SEO:

*Airteagal 1*

Molann an Chomhairle Comhlachais go gcuirfidh na Páirtithe sa Chomhaontú chun feidhme Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte 2021–2027 mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an moladh seo [+].

*Airteagal 2*

Cuirfear Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte 2021–2027 in ionad Thosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte ar moladh iad a chur chun feidhme trí bhíthin Moladh Uimh. 1/2017 ón gComhairle Comhlachais ([1]).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Moladh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

(+) Toscaireachtaí: féach doiciméad ST 8663/2022 ADD1.

([1]) Moladh Uimh. 1/2017 ó Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte an 25 Iúil 2017 lena gcomhaontaítear Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte (IO AE L 255, 3.10.2017, lch. 26).

Arna dhéanamh i/in/sa …, ….

*Thar ceann na Comhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte*

*An tUachtarán*

**CINNEADH (AE) 2022/936 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Meitheamh 2022**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 14ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a mhéid a bhaineann leis an modhnú ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le feidhmchláir theileamaitice le haghaidh lasta agus leis an athbhreithniú ar Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe, agus i nós imeachta i scríbhinn Choiste Athbhreithnithe OTIF a mhéid a bhaineann leis an modhnú ar Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (COTIF) trí bhíthin an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ([1]).

(2) De bhun Airteagal 13, mír 1, pointe f), de COTIF, rinneadh Coiste Saineolaithe Teicniúla ("CTE") OTIF a chur ar bun.

(3) De bhun Airteagal 20, mír 1, pointe b), de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 6 d'Fhoscríbhinn F a ghabhann le COTIF maidir leis na Rialacha Aonfhoirmeacha a bhaineann le Caighdeáin Theicniúla a Bhailíochtú agus Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a Ghlacadh is infheidhme maidir le hÁbhar Iarnróid a bheartaítear a úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta, tá CTE inniúil chun, *inter alia*, Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha ("UTP"), a bhaineann le hiarratas feidhmchláir theileamaitice le haghaidh lasta ("UTP TAF") a ghlacadh nó a leasú.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 20, mír 1, pointe e), de COTIF agus le hAirteagal 7a agus Airteagal 21 d'Fhoscríbhinn G a ghabhann le COTIF maidir leis na Rialacha Aonfhoirmeacha a bhaineann le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear i dTrácht Idirnáisiúnta ("Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF"), tá CTE inniúil chun Iarscríbhinn B a ghabhann leis na Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe ar chur i bhfeidhm UTP a ghlacadh nó a leasú.

(5) Ar chlár oibre an 14ú seisiún dá chuid, a bheidh ar siúl an 14 agus an 15 Meitheamh 2022, chuir CTE togra le haghaidh cinntí maidir le leasú a dhéanamh ar UTP TAF agus maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF a bhaineann le maoluithe ar chur i bhfeidhm UTP.

(6) Is iad cuspóirí na gcinntí CTE atá beartaithe UTP TAF a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/541 ón gCoimisiún ([2]) agus Iarscríbhinn B a ailíniú le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

([1]) IO L 51, 23.2.2013, lch. 8.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/541 ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar ríomh agus malartú sonraí agus iad a shimpliú agus an próiseas um Bainistiú Rialaithe Athruithe a thabhairt cothrom le dáta (IO L 108, 29.3.2021, lch. 19).

([3]) Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

(7) Maidir leis an gCoiste Athbhreithnithe arna chur ar bun i gcomhréir le hAirteagal 13, mír 1, pointe c), de COTIF ('an Coiste Athbhreithnithe') tá coinne leis go gcuirfidh sé nós imeachta i scríbhinn i gcrích chun cinneadh a dhéanamh maidir le leasú ar Airteagal 3a, mír 5, agus ar Airteagal 15, mír 2, de Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF.

(8) Is é is cuspóir don chinneadh atá beartaithe ón gCoiste Athbhreithnithe Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF a ailíniú le Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CTE a bhunú agus, a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF, sa Choiste Athbhreithnithe, ós rud é go mbeidh na cinntí atá molta ina gceangal ar an Aontas.

(10) Tá na cinntí ó OTIF atá beartaithe i gcomhréir le dlí agus le cuspóirí straitéiseacha an Aontais toisc go gcuireann siad le hailíniú reachtaíocht OTIF le forálacha coibhéiseacha de dhlí an Aontais, agus, dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 14ú seisiún de CTE OTIF a mhéid a bhaineann le modhnú ar UTP TAF agus le hathbhreithniú Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe ar chur i bhfeidhm UTP, is mar seo a leanas a bheidh an seasamh:

(1) vótáil i bhfabhar thogra CTE maidir le UTP TAF a thabhairt cothrom le dáta (doiciméad oibre CTE TECH-22004-CTE14);

(2) vótáil i bhfabhar thogra CTE go dtabharfaí cothrom le dáta Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF a bhaineann le maoluithe ar chur i bhfeidhm UTP (doiciméad oibre CTE TECH-22005-CTE14).

*Airteagal 2*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i nós imeachta i scríbhinn an Choiste Athbhreithnithe a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú páirteach ar Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF vótáil i bhfabhar togra CTE chun leasú a dhéanamh ar Airteagal 3a, mír 5, agus Airteagal 15, mír 2, de Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF (doiciméad oibre CTE TECH-22019-CTE14-7).

*Airteagal 3*

Nuair a ghlacfar na cinntí ó CTE agus ón gCoiste Athbhreithnithe, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus dáta a dteacht i bhfeidhm á shonrú.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 13 Meitheamh 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. FESNEAU

([4]) Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis an tsábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102).

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/937 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16 Meitheamh 2022**

**lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/563/CE a bhaineann le bearta cosanta áirithe i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N1 in éin fhiáine sa Chomhphobal**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 71(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe galar faoi chuimsiú rialú ráigeanna galar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/429, i gcás ina meastar nach bhfuil na bearta rialaithe galar a tógadh cheana oiriúnach don staid eipidéimeolaíoch.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([2]), aicmítear fliú éanúil ardphataigineach (HPAI) mar ghalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/429.

(3) Le Cinneadh 2006/563/CE ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos bearta áirithe cosanta atá le cur i bhfeidhm i gcásanna ina mbraitear HPAI, rud arb é víreas A ardphataigineach d'fhochineál H5 is cúis leis, agus ina meastar nó ina ndeimhnítear néaraimíníodáis de chineál N1 (H5N1) a bheith ann in éin fhiáine. Áirítear i mbunús dlí an Chinnidh sin Airteagal 9(4) de Threoir 89/662/CEE ón gComhairle ([4]) agus Airteagal 10(4) de Threoir 90/425/CEE ón gComhairle ([5]). Rinneadh na Treoracha sin a aisghairm an 14 Nollaig 2019 le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Mar sin féin, foráiltear le hAirteagal 164(2) de Rialachán (AE) 2017/625 go raibh Airteagal 9 de Threoir 89/662/CEE agus Airteagal 10 de Threoir 90/425/CEE fós i bhfeidhm maidir leis na hábhair a rialaítear le Rialachán (AE) 2016/429, go dtí dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429. Tá feidhm le Rialachán (AE) 2016/429 ón 21 Aibreán 2021.

---

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([3]) Cinneadh 2006/563/CE ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2006 a bhaineann le bearta cosanta áirithe i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N1 in éin fhiáine sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/115/CE (IO L 222, 15.8.2006, lch. 11).

([4]) Treoir 89/662/CEE ón gComhairle an 11 Nollaig 1989 maidir le seiceálacha tréidliachta i dtrádáil laistigh den Chomhphobal d'fhonn an margadh inmheánach a chomhlánú (IO L 395, 30.12.1989, lch. 13).

([5]) Treoir 90/425/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir le seiceálacha tréidliachta agus zóiteicniúla atá infheidhme maidir le hainmhithe beo áirithe agus táirgí a thrádáil laistigh den Chomhphobal d'fhonn an margadh inmheánach a chomhlánú (IO L 224, 18.8.1990, lch. 29).

([6]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

(4) Ina theannta sin, níl na bearta arna leagan síos i gCinneadh 2006/563/CE oiriúnach don staid eipidéimeolaíoch reatha.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2006/563/CE a aisghairm.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Cinneadh 2006/563/CE.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA